*Oide Leadership Meitheal Programme*




# *A Leadership Development Programme for Principals with a Minimum of Five Years' Experience*

Meitheal is a participant-led leadership development programme that is responsive to the individual professional needs of school principals. It draws upon the skills and techniques associated with coaching. A skilled and recently trained facilitator works collaboratively with small groups (4 – 6 participants) using a developmental model to enhance leadership skills.

The Meitheal programme runs over a two-year period. The group typically meets each year for four sessions lasting approximately two hours. Each group will agree the date and time of these sessions.

Mutual trust and confidentiality form the basis of the programme.

The programme is underpinned by literature and research in the following areas:

- Coaching
- Professional learning communities and communities of practice
- Effective Communication
- Facilitation

**Organising Groups in Education Support Centres**

- In September, schools will receive information about the Meitheal Programme from their local Education Support Centre.
- This information will include an application form.
- Education Support Centre Directors may contact their local schools to talk to individual principals about the Meitheal Programme.
- Oide Leadership will provide an online information session for those who apply to participate in the programme
- By the end of September, facilitators will have contacted interested participants by email to organise dates, times etc. of meetings following the online information meeting.

***Clár Meitheal  - Rannóg Ceannaireachta Oide***




Clár Forbartha Ceannaireachta do Phríomhoidí a bhfuil taithí cúig bliana ar a laghad acu.

Is clár forbartha ceannaireachta í Meitheal a bhíonn faoi stiúir na rannpháirtithe agus a fhreagraíonn riachtanais ghairmiúla aonair phríomhoidí scoile. Tarraingíonn sé ar na scileanna agus na teicnící a bhaineann le cóitseáil. Oibríonn éascaitheoir oilte go comhoibritheach le grúpaí beaga (4 – 6 rannpháirtí) ag úsáid samhail forbartha chun scileanna ceannaireachta a fheabhsú.

Reáchtáiltear clár Meitheal thar thréimhse dhá bhliain agus bíonn sé ar siúl in Ionaid Tacaíochta Oideachais áitiúla. De ghnáth buaileann an grúpa le chéile gach bliain ar feadh ceithre sheisiún a mhaireann thart ar dhá uair an chloig. Aontóidh gach grúpa dáta agus am na seisiún seo.

Is iad muinín agus rúndacht idir na rannpáirtithe atá mar bhonn leis an gclár.

Tá litríocht agus taighde sna réimsí seo a leanas mar bhonn agus mar thaca ag an gclár:

- Cóitseáil
- Pobail foghlama gairmiúla agus pobail chleachtais
- Cumarsáid Éifeachtach
- Éascú

**Grúpaí a Eagrú in Ionaid Tacaíochta Oideachais**

- I mí Mheán Fómhair, gheobhaidh scoileanna eolas faoin gClár Meitheal óna nIonad Tacaíochta Oideachais áitiúil.
- Cuirfear foirm iarratais san áireamh leis an eolas seo.
- Is féidir le Stiúrthóirí an Ionaid Tacaíochta Oideachais teagmháil a dhéanamh lena scoileanna áitiúla chun labhairt le príomhoidí aonair faoin gClár Meitheal.

Cuirfidh foireann Ceannaireachta Oide seisiún eolais ar líne ar fáil dóibh siúd a dhéanann iarratas chun páirt a ghlacadh sa chlár.

Faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair, beidh teagmháil déanta ag éascaitheoirí le rannpháirtithe trí ríomhphost chun dátaí, amanna cruinnithe srl. a eagrú tar éis an chruinnithe eolais ar líne.